Proud title sponsor

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Fáinne 4a: Meas

## 1.Meas ort Féin

''Tá bua againn ar fad, cuireadh ar an domhan seo muid agus bhí cúis leis seo, ní bheidh ár leithéid arís ann.'' - Marie Forleo

**Scríobh do chuid freagraí ar na ceisteanna seo a leanas:**
Cad a dhéanann duine uathúil díot? Cén chaoi ar mhaith leat go gcuimhneodh daoine ort? Cén teideal ba mhaith leat a bheith ar do bheathaisnéis?

## 2.Meas ar Dhaoine eile

''Déan iarracht tuiscint a fháil ar dtús, sula lorgaíonn tú tuiscint daoine eile ort.'' – Stephen R. Covey

**Críochnaigh na habairtí seo:**
Chun bheith i mo chara níos fearr is féidir liom... Chun bheith i mo chomhimreoir/pháirtí ranga níos fearr is féidir liom... Chun bheith i mo dheartháir/dheirfiúr/chol ceathrair níos fearr is féidir liom... Chun bheith i mo bhall teaghlaigh níos fearr is féidir liom...

**Pléigh**

- Cén difear atá ann idir bheith deas agus a bheith cineálta?
- Is féidir lenár bhfreagairtí tionchar a imirt ar dhaoine eile. Ár súile a chasadh, osna a ligean, ár lámha a chur trasna ar a chéile – is féidir leis na rudaí seo cur isteach ar dhaoine eile. Céard iad freagairtí eile a chuireann isteach ar dhaoine?
- Ar scoil, coinnigh súil amach do scoláirí agus múinteoirí a bhíonn cairdiúil. Céard iad na freagairtí cairdiúla a thug tusa faoi deara?

**Machnamh ar Bhulaíocht ar Líne:**

- Measann 77% de dhéagóirí nach bhfuil siad chomh fíor nó barántúil ar líne is a bhíonn siad san fhíorshaol. Cén chaoi a mbíonn tusa difriúil ar líne? Déan liosta de roinnt de na cúiseanna a ritheann leat.
- Céard iad na héifeachtaí a bhíonn ag na meáin shóisialta ar mheabhairshláinte agus féinmhuinín daoine óga, dar leat?
- Céard iad na buntáistí a bhainfeadh le fás aníos gan na meáin shóisialta? Céard iad na míbhuntáistí a bhainfeadh leis seo?

## 3.Meas sa Spórt

''Tá de chumhacht ag an spórt an domhan a athrú'' – Nelson Mandela

**Pléigh:** An féidir leis an spórt an domhan a athrú, meas tú? Cén fáth? Conas?

## 4.Cothrom na Féinne sa Spórt

Déan machnamh ar na físeáin le Goldie Sayer, Rob Heffernan agus Becky Scott.
Conas a mhothófá dá ndéanfadh duine caimiléireacht chun bonn Oilimpeach a sciobadh uait?
Céard a cheap tú de fhreagairtí na lúthchleasaithe? Ar chuir rud ar bith ionadh ort?

## 5.Meas ar an Timpeallacht

**Plé Ranga:** Céard is inbhuanaitheacht ann? Conas is féidir le do scoilse cur leis an inbhuanaitheacht agus lena meas ar an timpeallacht? (Cruthaigh liosta don seomra ranga.)

## Plé agus Ceisteanna Ranga

I ngrúpaí beaga, léigí faoi thograí éagsúla de chuid Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha a chuireann leis an inbhuanaitheacht ag na Cluichí Oilimpeacha.

Roinnigí torthaí suimiúla leis an rang.

- www.olympic.org/sustainability
- Inbhuanaitheacht i dTóiceo
- Plás Sráidbhaile
- Cás-staidéar - Rio de Janeiro
- Páras - Togra Freagrach



Cóipcheart - Creid gur Féidir, Clár Scoile Oilimpeach na hÉireann

Proud title sponsor

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Fáinne 4b: Comhionannas

## Comhionannas

**Ceisteanna agus Plé Ranga:**

·Céard iad roinnt de na constaicí fisiciúla agus sóisialta a dtugann daoine aghaidh orthu?

·Céard is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le duine a bhfuil air/uirthi tabhairt faoi chonstaicí?

## Parailimpeacha

**I ngrúpaí beaga, déanaigí plé ar conas a mhothaigh sibh maidir leis an dá fhíseán éagsúla ar fhéach sibh orthu.**

·Céard a chuir ionadh ortsa?

·Céard a cheapann tú de na lipéid ''Sárlaochra'' agus ''Speisialta''?

## Mná sa Spórt

**Pléigh:**

·An bhfuil na deiseanna céanna ar fáil sa spórt do mhná is atá d'fhir?

·An leor an aidhm atá ann clúdach na meán ar spórt na mban a ardú 20%?

## Claonadh Gnéis

**Pléigh:**

·Céard is féidir a dhéanamh a ligfidh do bhaill den phobal LADTA+ i do scoilse mothú go bhfuil siad sábháilte?

## Cúinsí Socheacnamaíocha

**Pléigh:**

·Céard iad roinnt bealaí ar féidir linn deiseanna spóirt a chur ar fáil do níos mó daoine?

## Agóidí agus Gníomhaíochas

**Pléigh:**

Pléigh leis an rang cé acu ar cheart nó nár cheart agóidí a cheadú ag na Cluichí Oilimpeacha, dar leat. Déan cur síos ar agóid a cheapann tú ba chóir a cheadú ag na Cluichí Oilimpeacha agus mínigh cén fáth. An féidir leat smaoineamh ar chúis nár cheart agóidí a cheadú? Cén fáth?

## Déan an Quizlet nó meaitseáil na focail thíos leis na sainmhínithe:

Déan an Quizlet

| | |
|---|---|
| Miocrachasán | Daoine a bhíonn ag fulaingt de bharr claontacht chiníoch nó eitneach nó claonadh cultúrtha laistigh den tsochaí toisc gur baill de ghrúpaí áirithe iad, beag beann ar a mbuanna aonair. Eascraíonn an míbhuntáiste sóisialta as cúinsí nach bhfuil aon smacht acu orthu. |
| Faoi Mhíbhuntáiste Sóisialta | Tagraíonn sé seo do bhuntáistí sóisialta, sochair nó méid gradaim/measa a bhíonn ar dhuine de bharr gur cuid de ghrúpaí féiniúlachta sóisialta áirithe iad. |
| Pribhléid | Na maslaí, ionsaithe nó an dímheas laethúil, bídís beartaithe nó neamhbheartaithe, a chuireann teachtaireachtaí naimhdeacha, dímheasúla nó diúltacha in iúl do dhaoine spriocdhírithe. Bíonn an t-iompar bunaithe ar na daoine a bheith mar chuid de ghrúpa imeallaithe agus air seo amháin. |
| Ciníochas | Duine éigin ar cuireadh iallach air/uirthi teitheadh as a t(h)ír mar gheall ar ghéarleanúint, ar chogadh nó ar fhoréigean. |
| Lucht Iarrtha Tearmainn | Duine a d'fhág a t(h)ír dhúchais mar dhídeanaí polaitíochta agus atá ag lorg tearmainn i dtír eile (iad siúd ag fanacht le bheith ina ndídeanaithe). |
| Dídeanaí | Córas buntáistí agus míbhuntáistí bunaithe ar chine an duine, rud atá ina thógán sóisialta. Is iomaí foirm atá aige seo, córasach, institiúideach, cultúrtha, idirphearsanta/duine aonair, faoi cheilt agus follasach. |

Cóipcheart - Creid gur Féidir, Clár Scoile Oilimpeach na hÉireann